# RÁITEAS MAIDIR LE COMHIONANNAS AGUS LE CEARTA AN DUINE

**Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus le Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm**


**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

| | |
|---|---|
| Roinn | Roinn Acmhainní Daonna BOOLM |
| Teideal an Doiciméid | Ráiteas maidir le Comhionannas agus le Cearta an Duine |
| Tagairt an Doiciméid | Leagan 002 Fea 2024 |
| Ceadaithe ag an | Bord |
| Dáta an Cheadaithe | 29 Fea 2024 |

## Réamhrá:

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, maidir le haghaidh a thabhairt ar leithcheal agus ar neamhionannas chearta an duine de réir chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus le Cearta an Duine. **Meas**, **Cosaint** agus **Comhlíonadh**, tá siad siúd ag croí na reachtaíochta Comhionannais agus tá BOOLM tiomanta go hiomlán do dheireadh a chur le leithcheal den uile chineál i ngach seirbhís de chuid na hEagraíochta. Leanfaidh BOOLM de dheiseanna a chur ar fáil do gach duine, agus de chosaint a thabhairt do chearta daonna gach duine atá fostaithe, atá ag foghlaim, nó eile, ar fud chroífheidhmeanna iomadúla BOOLM. Tugtar tuilleadh sonraí faoinár dtiomantas i mBeartas BOOLM maidir le Comhionannas agus le hÉagsúlacht.

Sa reachtaíocht*, aithnítear naoi réimse ina dtagann leithcheal agus neamhionannas chun cinn sa tsochaí go coitianta. Leanfaidh BOOLM de mheasúnú a dhéanamh ar a chuid cleachtas, agus díreoidh sé ar straitéisí a thabharfaidh aghaidh ar leithcheal agus ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach agus a chuirfidh deireadh leo sna naoi réimse seo a leanas:




Aois, stádas sibhialta, míchumas, stádas teaghlaigh, inscne, ballraíocht den lucht siúil, cine, reiligiún, gnéaschlaonadh

**An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2020*

## Cuspóir an Ráitis:

Is léiriú é an Ráiteas seo ar chur chuige córasach BOOLM atá á fhorbairt i gcónaí maidir le measúnú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar gach cineál leithcheala (bíodh sé díreach nó indíreach) inár dteagmhálacha laethúla le daoine beag beann ar bhonn, cúinse nó stádas

socheacnamaíoch. Leanfaidh BOOLM d'fheidhmiú i dtimpeallacht ina gcaitear le gach uile dhuine le meas, dínit agus cothroime, agus aithneoidh sé agus léireoidh sé tuiscint d'éagsúlacht den uile chineál. Beidh meas ag BOOLM ar na roghanna a chuirtear ar fáil do gach duine faoin reachtaíocht maidir le Cearta an Duine agus féachfaidh sé ar bhealach cothrom comhsheasmhach le haghaidh aon cheist a ardaíonn baill foirne, foghlaimeoirí nó páirtithe leasmhara a airíonn go raibh siad thíos leis an neamhionannas nó go ndearnadh leithcheal orthu inár n-Eagraíocht.

## An Dualgas maidir le Seirbhís Phoiblí a Chuimsiú i bPróiseas Straitéise BOOLM:

In Ráiteas Straitéise BOOLM 2022 – 2026 leagtar amach ar bhonn mionsonraithe croíluachanna, prionsabail, spreagthaí, misean, fís, agus príomhthosaíochtaí straitéiseacha ár nEagraíochta. I dtuarascáil an Ráitis Straitéise - liostaithe inár spriocanna straitéiseacha, tugann BOOLM cuntas ar a chur chuige i leith an chomhionannais, an ionchuimsithe, an ionracais, na cothroime, na folláine, na gairmiúlachta, na héagsúlachta, agus an mhíchumais. Leanfaidh BOOLM de bheith feasach ar a chuid oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 i ngach Ráiteas Straitéise, tuarascáil ábhartha, agus forbairt beartas amach anseo, agus gníomhóidh sé dá réir freisin.

## Feasacht ar oibleagáidí BOOLM maidir le Comhionannas agus le Cearta an Duine a Mhéadú:

Leanfaidh BOOLM d'fheasacht agus de scaipeadh eolais ar an ábhar a chur chun cinn trí na bearta seo a leanas:

☑ an Ráiteas seo a chur faoi bhráid gach baill foirne, foghlaimeora, páirtí leasmhar, baill boird, coiste, agus bord bainistíochta. Ar an mbonn sin, féachfaimid le luachanna agus le feasacht a rachaidh chun tairbhe do thimpeallacht oibre, staidéir agus ghnó gach duine a chothú.

☑ an Ráiteas seo agus ár gcur chuige i leith an Dualgais maidir le Seirbhís Phoiblí a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin agus ar ár n-ardáin inmheánacha.

☑ an Dualgas maidir le Seirbhís Phoiblí a chuimsiú i ngach forbairt agus athnuachan beartais ábhartha.

☑ oiliúint sa Chomhionannas agus i gCearta an Duine a chur chun cinn, treoir a chur ar fáil do gach duine laistigh dár seirbhísí, agus próisis chomhairliúcháin a thairiscint do bhaill foirne, d'fhoghlaimeoirí, agus do pháirtithe leasmhara

☑ fáilte a chur roimh bhaill foirne, roimh fhoghlaimeoirí, agus roimh pháirtithe leasmhara chun imní faoi cheisteanna a bhaineann le Comhionannas agus le Cearta an Duine a fhreagairt ar bhonn discréideach faoi rún trí sheoladh ríomhphoist tiomnaithe: accessofficer@lmetb.ie

## Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar bhonn bliantúil, nó roimhe sin má dhéantar aon athrú ar an reachtaíocht nó ar an treoir. Déanfaidh Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOLM athbhreithniú ar an Ráiteas. Is breisiú ar Bheartas BOOLM maidir le Comhionannas agus le hÉagsúlacht é an Ráiteas seo.